

Dúnadh Chroaire Comhréidh Bhaile an Ásaigh

Comhairliúchán Poiblí maidir leis an Rogha Tosaíochta Athbhreithnithe

A chónaitheoir, a chara,

Tá athmheasúnú agus ath-analís déanta ag tionscadal DART+ an Iarthair ar an bpróiseas roghnúcháin roghanna maidir le croaire nua ar chonair an iarnróid agus na canála i mBaile an Ásaigh a sholáthar, mar gheall ar dhúnadh an chroaire comhréidh iarnróid atá ann cheana féin. Measadh go raibh sé seo cuí ag féachaint don aiseolas a fuarthas le linn Chomhairliúchán Poiblí Uimhir 2 in 2021 Mar thoradh ar an athmheasúnú seo, aithníodh rogha tosaíochta athbhreithnithe do Bhaile an Ásaigh, eolas agus critéir nua curtha isteach ag an bpobal á gcur san áireamh.

Leis an rogha tosaíochta athbhreithnithe, áirítear an méid seo a leanas:

1. Droichead Coisithe agus Rothaithe ag suíomh an Stáisiún i mBaile an Ásaigh. Soláthraíonn sé seo rochtain gan bhac 24/7 do choisithe, d'úsáideoirí leochaileacha agus do rothaithe feadh mhínlíne reatha Bhóthar Bhaile an Ásaigh a nascann Bóthar na hUaimhe le Sráidbhaile Rathborne.
2. Íosbhealach feithiclí faoin iarnród agus faoin gcanáil thart ar 75m níos faide siar ná an rogha tosaíochta roimhe seo. Coinneoidh sé seo nascacht feithiclí do chónaitheoirí agus d'fhiontair thráchtála i Rathborne. Seachnaíonn an rogha tosaíochta athbhreithnithe seo Stáblaí Bhaile an Ásaigh den chuid is mó, a aithníodh mar áis thábhachtach don phobal áitiúil i líon suntasach aighneachtaí a fuarthas le linn PC2.

Ullmhaíodh Tuarascáil ar Rogha athbhreithnithe agus ar Roghnú Roghanna maidir le Baile an Ásaigh agus cuirfear ar fáil í ar shuíomh gréasáin an tionscadail www.dartplus.ie.

Tá Iarnród Éireann | Irish Rail anois ag lorg aiseolais, trí chomhairliúchán poiblí go h-áitiúil, maidir leis an rogha tosaíochta athbhreithnithe seo. Tosaíonn an comhairliúchán seo an 9 Márta 2022, agus leanann sé ar aghaidh ar feadh tréimhse ceithre seachtaine go dtí an 6 Aibreán, 2022.

Beidh seimineár gréasáin poiblí ar siúl Dé Máirt chun léargas a thabhairt ar an rogha tosaíochta athbhreithnithe do Bhaile an Ásaigh agus chun do cheisteanna a fhreagairt maidir leis an rogha tosaíochta, Dé Máirt, an 22 Márta ag 19:00. Chun clárú don seimineár gréasáin poiblí, seol ríomhphost, le do thoil chuig DARTWest@irishrail.ie chun nasc nasc a iarraidh le bheith páirteach ann.

Tá eolas ar an rogha tosaíochta athbhreithnithe agus conas aighneacht a dhéanamh ar fáil ar shuíomh gréasáin thionscadail DART+ an Iarthair: www.dartplus.ie.

Má tá aon cheist eile agat, le do thoil, téigh i dteagmháil le Foireann Tionscadail DART+ an Iarthair.

Le gach dea-ghuí,

Foireann Tionscadail DART+ an Iarthair.

Léaráid 1 - Amharc ón aer atá ann cheana



Léaráid 2: Amharc ón aer ar an rogha tosaíochta athbheithithe

